II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH (AE) 2021/1920 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meitheamh 2021

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le haeriompar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stát Chatar, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Meitheamh 2016, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Stát Chatar le haghaidh comhaontú maidir le haeriompar. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil le hinisiliú an Chomhaontaithe maidir le haeriompar idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Stát Chatar, den pháirt eile ("an Comhaontú") an 4 Márta 2019.

(2) Ní dhéanann síniú an Chomhaontaithe thar ceann an Aontais agus a chur i bhfeidhm sealadach difear do leithdháileadh na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus a Bhallstáit. Níor cheart an Cinneadh seo a léiriú mar chinneadh lena n-úsáidtear an fhéidearthacht atá ag an Aontas a inniúlacht sheachtrach a fheidhmiú i ndáil le réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú a thagann faoi inniúlacht roinnte a mhéid nár fheidhmigh an tAontas inniúlacht den sórt sin go hinmheánach go fóill.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach go dtí go ndéanfar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm a thabhairt chun críche,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú maidir le haeriompar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Stát Chatar, den pháirt eile, a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích ([1]).

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais.

([1]) Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil seo.

Airteagal 3

Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach i gcomhréir le hAirteagal 29(3) de, go dtí go ndéanfar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm a thabhairt chun críche.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 28 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. do Céu ANTUNES